

# GAELSCOIL CHOLMCILLE

Polasaí maidir le sos gairme agus saoire eile  
ón obair

# **Gaelscoil Cholmcille**

Lána na Cúlóige,

An Chúlóg,

Baile Átha Cliath 17.

[www.gaelscoilcholmcille.ie](http://www.gaelscoilcholmcille.ie)



*Príomhoide : Neasa Ní Aoláin*

*Cathaoirleach: Cormac Mc Cashin*

## **Polasaí i leith shos gairme agus saoire eile do mhúinteoirí**

Is féidir le múinteoir buan i nGaelscoil Cholmcille cur isteach ar Shos Gairme faoi na coinníollacha atá leagtha amach i gCiorclán 54/2019 agus an bhileog a théann leis. Moltar do mhúinteoirí iad féin a chur ar an eolas ar an ábhar maidir le riachtanais, critéir agus araile sula ndéanann siad iarratas. Agus An Bord Bainistíochta ag déanamh cinnidh faoi iarratas do shos gairme nó eile i gcomhthéacs an chiorcláin thuasluaite, cuirfidh na pointí seo a leanas san áireamh chomh maith:

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach iarracht éascaíocht a dhéanamh d'iarratais do shosanna gairme ó mhúinteoirí atá buan.
2. Cé go n-aithnítear go bhfuil múinteoir(i) ag lorg cead imeachta pé cúis atá acu, aithnítear chomh maith go mbeidh leas agus riachtanais oideachasúla na bpáistí i gcónaí chun tosaigh. Aithnítear na dúshláin reatha maidir le ganntanas múinteoirí go náisiúnta freisin.
3. Ní gá don mhúinteoir an chúis don sos gairme a insint ach amháin don Phríomhoide nó don Chathaoirleach más é sin rogha an mhúinteora.
4. Déanfar iarratais a idirdhealú i dtrí ghrúpa;

### **(i) Post iasachta, Postroinnt agus Briseadh Staidéir**

Déanfaidh an bord bainistíochta gach iarratas a phlé go haonarach agus déanfaidh fiúntas an iarratais a phlé i gcomhthéacs na riachtanas atá ag an scoil.

### **(ii) Sos Gairme**

Beidh saoire ceadaithe do suas le duine amháin do scoilbhliain 2020/21. D'fhéadfaí go ndéanfaí eisceacht i gcás ina bhfuil cúinsí áirithe i gceist.

Má bhíonn níos mó iarratas ná áiteanna i gcás grúpa (ii), déanfar na háiteanna a dháileadh de réir an oird seo a leanas:

1. Múinteoirí atá ar shaoire don scoilbhliain 2019/20 arb é 2019/20 an chéad bhliain riamh dóibh a bheith ar saoire ón scoil.
2. Múinteoirí nach ndeachaigh ar shos gairme ná ar iasacht roimhe seo.
3. Tús áite de réir an liosta sinsearachta, an duine is sinsearaí ar dtús.

### **(iii) Dul ar Iasacht**

Beidh iasacht ceadaithe do suas le duine amháin do scoilbhliain 2020/21.

Má bhíonn níos mó iarratas ná áiteanna i gcás grúpa (iii), déanfar na háiteanna a dháileadh de réir an oird seo a leanas:

1. Múinteoirí atá ar iasacht don scoilbhliain 2019/20 arb é 2019/20 an chéad bhliain riamh dóibh a bheith ar iasacht ón scoil.
  2. Múinteoirí nach ndeachaigh ar iasacht roimhe seo.
  3. Tús áite de réir an liosta sinsearachta, an duine is sinsearaí ar dtús.
- 
5. Tabharfaidh Cathaoirleach an bhoird freagra i scríbhinn má dhiúltaíonn an bord le hiarratas ar shos gairme roimh 01/03/20.
  6. Má dhéanann múinteoir cinneadh gan dul ar aghaidh le sos/saoire/postroinnt d'aon chineál, ní mór é sin a chur in iúl i scríbhinn do Chathaoirleach an Bhoird faoin 14 Aibreán 2020.

*Glacadh leis an bpolasaí seo ag cruinniú den bhord bainistíochta 15/01/20*

